NÓSANNA IMEACHTA A BHAINEANN LEIS AN mBEARTAS IOMAÍOCHTA A CHUR CHUN FEIDHME

AN COIMISIÚN EORPACH

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.10835 – ALLIANZ / DALMORE / AMBER / TIDEWAY)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(2022/C 285/06)

1. An 18 Iúil 2022, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— Amber Infrastructure Group Limited (an Ríocht Aontaithe), fochuideachta de chuid Amber Infrastructure Group Holdings Limited ("**Amber**", (an Ríocht Aontaithe)),

— Allianz Capital Partners GmbH (an Ghearmáin), a bhaineann le **Allianz Group** (an Ghearmáin),

— Dalmore Capital Limited (an Ríocht Aontaithe) ("**Dalmore**"),

— Bazalgette Equity Limited (an Ríocht Aontaithe) (in éineacht lena chuid fochuideachtaí, "**Tideway**" (an Ríocht Aontaithe)).

Gheobhaidh Allianz Group agus Dalmore rialú comhpháirteach ar Tideway de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Is urraitheoir idirnáisiúnta agus bainisteoir bonneagair é Amber atá dírithe ar infheistíochtaí fadtéarmacha, ar infheistíochtaí iad lena mbaineann riosca níos ísle agus a ghineann sreabhadh airgid,

— Is grúpa domhanda seirbhísí airgeadais é Allianz Group atá gníomhach i mbainistíocht árachais agus sócmhainní,

— Is bainisteoir ciste neamhspleách é Dalmore a dhíríonn ar dheiseanna d'infheisteoirí institiúideacha in earnáil bonneagair na Ríochta Aontaithe, ar deiseanna iad lena mbaineann riosca níos ísle,

— Is eintiteas é Tideway a deonaíodh Ceadúnas dó faoin Acht um Thionscal Uisce 1991 (de Shasana agus den Bhreatain Bheag) in 2015 chun gníomhú mar an soláthraí bonneagair atá freagrach as Tollán Thames Tideway a dhearadh, a thógáil, a choimisiúnú agus a chothabháil, tollán 25 km a ritheann faoi Londain chun séarachas a iompar, arna chomhlánú le roinnt tolláin nasctha.

3. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le nós imeachta simplithe i dtaca le cóireáil comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an "Rialachán um Chumaisc").
([2]) IO C 366, 14.12.2013, lch. 5.

4. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.10835 – ALLIANZ / DALMORE / AMBER / TIDEWAY

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost, le facs nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Facs +32 22964301

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË